



Tráth na Samhna – Seirbhís Urnaí don Iar-bhunscoil

Ceol tosaigh

'Now is the Time for Tears' – Charlie Peacock (ar fáil ag: <https://youtu.be/tYjHkzYgaCc>)

Urnaí

A Thiarna Dia,

Míle buíochas as tíolacadh na beatha. Gabhaimid buíochas leat as an fhaill a bheith againn dúiseacht ar maidin agus lá úr, dóchas úr, deiseanna úra a bheith romhainn. Tá brón orainn mura dtuigimid an tábhacht a bhaineann lena leithéid.

Bíonn laethanta ann nuair a chuirtear dúshlán romhainn, nuair is dóigh linn go mbíonn barraíocht fadhbanna ann, nuair a bhíonn sé deacair aghaidh a thabhairt ar an lá. Cabhraigh linn déileáil leis na hamanna sin agus dearcadh deimhneach dóchasach a léiriú.

Tuigimid go maith go dtiocfaidh deireadh lenár ré ar domhan, ach creidimid go leanfaidh tíolacadh na beatha ar aghaidh go dtí an saol síoraí.

Údar mór bróin ba ea bás na muintire muirní do chuid againn. Siúil taobh linn le do thoil, nuair a tharlaíonn a leithéid. Má bhíonn cumha orainn i ndiaidh na ndaoine a fuair bás, is toisc gur ghrámar iad.

Cé go mbíonn cuid den mhuintir mhuirneach ar shlí na fírinne, is féidir linn iad a ghrá agus urnaí a chur ar a son agus suaimhneas síoraí a ghuí dá n-anamacha. Bíonn meas againn orthu má thugaimid cuairt ar na huaigheanna, go háirithe i rith Mhí na Marbh. Machnaímid ar bhrón an bháis nuair a bhíonn aimsir dhuairc na Samhna ann, ach tuigimid go maith go dtiocfaidh feabhas ar an aimsir agus go bhfuil bliain úr romhainn.

(Tá paidreacha breise ar fáil i Leabhar Urnaí na hÓige YOUCAT.)

Deasghnáth

Tugtar cuireadh do na daltaí ainmneacha na muintire muirní atá ar shlí na fírinne a scríobh ar chártaí, agus siúl go mall réidh lena chéile le hiad a chrochadh ar bhalla cuimhneacháin, nó ar chlár, más maith leo. D'fhéadfaidís coinneal a lasadh ansin sula bhfilleann siad ar na suíocháin.

Is féidir ceol uirlise a sheinm go ciúin mar chúlra don ghníomhaíocht seo, a leithéid 'Remembrance' le Marie Dunne CHF (ar fáil ag: https://www.youtube.com/watch?v=uob_LO8qqSM).





Scriptúr

Sliocht as an Soiscéal Naofa de réir Naomh Matha (Matha 5:3-12).

Is méanar dóibh seo atá bocht ó spiorad, óir is leo ríocht na bhflaitheas.

Is méanar do lucht an dobróin, óir sólasófar iad.

Is méanar dóibh seo atá ceansa, óir gheobhaidh siad an talamh mar oidhreacht.

Is méanar dóibh seo a bhfuil ocras agus tart chun na fíréantachta orthu, óir sásófar iad.

Is méanar do lucht na trócaire, óir déanfar trócaire orthu.

Is méanar dóibh seo atá glan ó chroí, óir feicfidh siad Dia.

Is méanar do lucht síochána a dhéanamh, óir glaofar clann Dé orthu.

Is méanar dóibh seo a d'fhulaing géarleanúint mar gheall ar an bhfíréantacht, óir is leo ríocht na bhflaitheas.

Is méanar daoibh féin nuair a thabharfar aithis daoibh agus a ghéarleanfar sibh, agus nuair a chuirfear gach sórt drochrud in bhur leith go bréagach mar gheall ormsa.

Bíodh áthas oraibh agus gairdeas, mar is mór é bhur dtuarastal ar neamh; óir is mar sin a rinneadh géarleanúint ar na fáithe a chuaigh romhaibh.

Ceol deiridh

'When the Saints Go Marching In' – Bruce Springsteen (ar fáil ag: www.youtube.com/watch?v=i6eKkirEcgE)

